

Oh là là!

Proinsias Mac a' Bhaird

Foireann

Máire

Clíodhna

Bríd

Pierre

Sally

Chloe

Tommy

Peadar

Máirtín

Deiric

Benji

Ciarán

Alain

Rita

Deirdre

Mollie

Radharc 1

Tá Máire agus Clíodhna chun tosaigh ar an ardán ar dheis. Tá binse i lár an ardáin agus tá Bríd ina seasamh ar an taobh clé den ardán ag téacsáil duine ar a guthán póca. Nuair a thosaíonn Máire agus Clíodhna ag caint siúlann buachaill dóighiúil, Pierre, suas agus suíonn sé ar an bhinse. Tá mála leis. Tógann sé foclóir Gaeilge amach as an mhála agus tosaíonn sé á léamh.

- Máire** Hé, a Chlíodhna, ar chuala tú an scéal faoi Rita Ní Cheallaigh?
- Clíodhna** Níor chuala. Bhí mé ar shiúl as baile le seachtain.
- Máire** O M D, bhí sé chomh greannmhar. Bhí achan duine ag caint faoi. Dá bhfeicfeá a haghaidh.
- Clíodhna** Cad é a tharla?
- Máire** Ach tá fhios agat. Bhí sé tuillte go maith aici. Síleann sí féin go bhfuil sí níos fearr ná an chuid eile againn. Bhí sé ag dul di. Sin a deir achan duine.
- Clíodhna** Ach Cad é a rinne sí? Cad é a tharla?
- Máire** Mhóthaigh mise go ndeachaigh sí ag caoineadh sna leithris. Níor tháinig sí ar scoil an lá ina dhiaidh. Tuigim cén fáth nár tháinig. Dá dtarlódh a leithéid domsa, ní bheinn sásta m'aghaidh a thaispeáint ar scoil choíche go deo arís.
- Clíodhna** A Mháire, bhfuil tú a dhul a insint dom cad é a tharla nó nach bhfuil?
- Máire** Ach bhí sé ar fud *Facebook*, bhí achan duine ag caint faoi? Caithfidh sé gur chuala tú faoi.
- Clíodhna** Níor chuala. Inis dom.
- Máire** Maith go leor. Thosaigh sé uilig le Pierre, an scoláire ón Fhrainc a bhí anseo ar mhalairt scoile...

Siúlann Bríd i dtreo Pierre agus tosaíonn sí ag caint leis. Seasann Pierre.

Bríd *Bonjour Pierre. Ça va?*
Pierre *Ça va. Go raibh maith agat. (labhraíonn sé Gaeilge le glór Francach)*
Bríd Cad é mar atá tú inniu?
Pierre Tá mé iontach maith. Agus tusa?
Bríd An-mhaith. Tusa?
Pierre Go maith.
Bríd Tá sin go maith.
Pierre Cinnte, tá. Tá sé go maith.
Bríd Go maith. Eh...
Pierre Go breá. Bhal eh... *au revoir*.
Bríd *Au revoir...* eh... slán.

Imíonn Bríd amach agus seasann Pierre tamall ag amharc ina diaidh.

Pierre Oh Lá Lá!

Máire Mmmmmmm! Caithfidh mé a rá go bhfuil sé galánta. *Hunkcake* ceart atá ann. Cén cailín nár mhaith léi póg nó dhó a bhaint de?

Clíodhna Ach cén bhaint a bhí ag sin le Rita Ní Cheallaigh.

Máire Tá mé ag teacht chuige sin. Ar scor ar bith, bhí na girseachaí uilig i ngrá leis...

Tagann Sally agus Chloe isteach agus nuair a fheiceann siad Pierre siúlann siad chuige.

Pierre *Bonjour Sally. Cad é mar atá tú?*

Sally Óóóóó!

Pierre Oui, *Oh là là!* (gáire) An mbeidh tú ag an *discotheque* anocht?

Sally Beidh, an mbeidh tú féin ann?

Pierre Beidh. Beidh mé ag súil le damhsa uait.

Sally Ó Pierre, ba bhreá liom é!

Pierre Agus tusa Chloe? An mbeidh tú ann?
Chloe Bí cinnte de.
Pierre *Formidable!* Beidh an-oíche againn.
Chloe Mmmmmmmmm!
Pierre Feicfidh mé ann sibh. *Ó excusez-moi*, tá rud éigin i do ghruaig.
Chloe Eh?

Cuireann Pierre a lámh taobh thiar de chluas Chloe agus tarraingíonn sé bláth amach.

Pierre *Pour toi.*

Imíonn Pierre.

Sally & Chloe Áááááááááááááá!

Máire Tá mé ag insint duit, ‘Chlódhna, ní raibh cailín ar bith sa scoil nach raibh bun os cionn i ngrá le Pierre. Bhí na *moves* uilig aige agus ní raibh aon chailín, cailín ar bith nach raibh meallta ag a ghlór bog gnéasach! Ach, ní raibh na buachaillí ró-shásta.

Tagann na buachaillí isteach ar an taobh chlé den ardán.

Tommy Sin arís é. Bhfaca sibh sin?
Peadar Arú, Tommy. Éad atá ort.
Tommy Éad. Ní bhfuair mise póg ar bith ó tháinig an frog sin chun na scoile.
Máirtín Tommy, ní bhfuair tusa póg ó bhí tú trí déag, agus ó do mhámaí a fuair tú an ceann sin. (gáire ó na buachaillí)
Tommy *Shag off* a Mháirtín. Ar a laghad is maith liom cailíní.
Buachaillí Whooooooooo! Troid troid!
Peadar *Cop on* Tommy.
Tommy *Seriously tho*, tá na girseachaí uilig sáite ann. Níl seans ar bith ag an chuid eile againn. É féin agus a chuid cleasanna draíochta.

Deiric Tá an ceart ag Tommy.

Benji Hé, tá mise ábalta draíocht a dhéanamh.

Tommy Tusa?

Benji Aidhe. Tá mé maith aige.

Tommy Cén áit a d'fhoghlaim tusa draíocht?

Benji D'fhoghlaim mé é mé féin. Bím ag cleachtadh.

Tommy *Yeah right!*

Benji Dáiríre. Tá mise díreach chomh maith is atá an Pierre sin.

Deiric Ó sea, an ceann a rinne tú ar Chiarán an tseachtain seo caite?

Benji Aidhe! An ceann céanna.

Deiric Tá sé maith ceart go leor.

Tommy Cad é a rinne sé ort?

Ciarán Ní thig liom a insint duit. Mhillfeadh sé an cleas ort, ach tá sé maith.

Deiric An-ghreannmhar.

Tommy Benji – níl tusa ábalta draíocht a dhéanamh!

Ciarán Tá mé ag insint duit, Tommy. Tá sé maith!

Tommy Maith go leor David Blaine. Taispeáin dom mar sin!

Benji Ócé. Caithfidh tú seasamh ansin is do shúile a dhruidim.

Tommy *No way.* Déanfaidh tú rud inteacht orm. Ní amadán mé.

Benji Ócé, ní dhéanann sé difear. Coinnigh foscailte iad.

Ciarán Lean ar aghaidh.

Deiric Coinnigh ort.

Alain Giota craic a bheas ann.

Tommy Ócé, ócé.

Benji Anois, caithfidh tú achan rud a deirim leat a dhéanamh.

Tommy Lean ort.

Benji Cuir do lámha amach ag do thaobh.

Benji Anois, sín amach do mhéara.

Benji Go breá, anois tá mise chun d'intinn a léamh.

Tommy Heh?

Benji Oibríonn sé níos fearr nuair atá do shúile druidte.

Tommy Seo amaidí. (cuireann sé a lámha síos)

Benji Níl! Feicfidh tú. Cuir amach do lámha agus tosóimid arís.

Ciarán Beidh seo maith!

Benji Anois, tá mé ag iarraidh ort smaoineamh ar an t-léine atá á chaitheamh agat. Smaoinigh go crua air. Déan pictiúr de i d'intinn. Sea, sea... tá sé ag teacht chugam... bhfuil pictiúr agat i d'intinn? Gorm. Tá sé gorm.

Tommy Bladar. Tá giota de le feiceáil anseo. Tá seo amaideach. (gáire ó na buachaillí)

Benji Bhí mé go díreach ag teisteáil an raibh tú ag éisteacht. Déanfaidh mé arís é.

Tommy Airiú, imigh leat!

Máirtín Gabh ar aghaidh, Tommy. Tá sé maith.

Tommy Huh! (cuireann sé amach a lámha arís)

Benji Ócé. Anois caithfidh tú d'intinn a dhíriú. Ní oibreoidh sé muna bhfuil tú fócasáilte. B'fhearr duit do shúile a dhruim.

Tommy I do bhrionglóidí, Benji-boy!

Benji Maith go leor. Anois, caithfidh tú d'intinn a fholmhú...

Máirtín Ní bheidh sin deacair. (gáire)

Tommy *See* tusa, a uascáin.

Benji Ná tabhair aird ar bith air a Mháirtín. Éist liomsa. Cuir achan rud amach as d'intinn. Níl mé ag iarraidh ort smaoineamh ar aon rud ach ar stocaí.

Tommy Stocaí???

Benji Fuist. Ná habair aon rud. Smaoinigh ar na stocaí atá ort inniu. Smaoinigh ... sea ...tá sé ag teacht chugam ...tá siad dubh ... *no*... fan ... bán.

Tommy Bhí corpoideachas againn inniu. Tá stocaí bána ar achan duine. *Jeez*, Benji, tá seo *crap*.

Benji Fan, tá rud inteacht eile ag teacht chugam, Eugh. Tá sin millteanach.

Tommy Cad é?

Benji Níl *boxers* ar bith ort!

Tommy Heh?

Alain Wedgie!

Buachaillí Wedgie! Wedgie! Wedgie!

Léimeann na gasraí ar Tommy agus déanann siad iarracht a bhrístí beaga a tharraingt amach as a bhrístí. Tugann duine de na gasraí chun tosaigh le péire fobhrístí ollmhóra le pictiúr de chartún air. Briseann na buachaillí uilig amach ag gáire.

Máirtín Is maith liom na *jocks* Tommy!

Tommy Iontach greannmhar! (déanann sé féin gáire)

Benji Brón orm, Tommy.

Tommy Ná bac. Ceann maith a bhí ann. Cá bhfuair sibh na *boxers*?

Benji Cuid Pheadair atá ann.

Tommy Eh, yuk! (ligeann sé dóibh titim)

Peadar Hey! (gasraí ag gáire)

Tommy Bhfuil fhios agat seo? Sin rud a ba mhaith liomsa a dhéanamh leis an Pierre sin. Wedgie ceart a thabhairt dó.

Deiric Mise fosta!

Máirtín Cad é atá agatsa ina éadan?

Deiric Ag goid cailíní atá sé. Beidh an *prom* ar siúl an tseachtain seo chugainn agus níl *date* agam go fóill.

Máirtín Níl aon scéal nua ansin...

Tommy An ndruidfeá do bhéal bomaite?

Máirtín Nó Cad é?

Tommy Druidfidh mise duit é. ‘Síleann tú nach ndéanfainn...

Alain Socraígí síos leaids. Tóg bog é.

Peadar Ach, bhfuil fhios agat. Tá an ceart ag Tommy. Níl *date* agamsa ach an oiread.

Ciarán Ná agamsa!

Máirtín Bhuel...

Benji Druid do bhéal, ‘Mháirtín.

Máirtín Tch! *Losers*!

Tommy Bhfuil tusa ag rá go bhfuil cailín agatsa don *phrom*?

Máirtín Bhuel...

Tommy Níl. Sin an pointe. Níl cailín ag duine ar bith againn. Tá siad uilig ag fanacht ar Pierre le ceist a chur orthu. (ciceann Tommy na boxers atá ina luí ar an talamh) É féin agus a *Oh là là, merci beaucoup!* Cuireann sé samhnas orm.

Peadar Ach cad é a thig linn a dhéanamh? (tost beag eatarthu)

Tommy Chuir mise ceist ar Rita Ní Cheallaigh teacht liom chuig an *prom*.

Máirtín Tusa agus Rita? Ró-mhaith duitse atá sí a mhic.

Tommy Huh?

Máirtín Éist, tá Rita Ní Cheallaigh thuas anseo (ag cur a láimhe in airde) agus tá tusa (é ag ísliú na láimhe) thíos anseo. Ní bheadh seans ar bith agat.

Tommy Á, scread mhaidne ort! Chuir mé ceist uirthi agus dúirt sí go n-inseodh sí dom ar ball, nuair a bheadh faill aici smaoineamh a dhéanamh air.

Peadar Bhí sí ag súil leis go gcuirfeadh Pierre ceist uirthi.

Tommy Go díreach! Tá na cailíní uilig mar an gcéanna.

Benji Bhfuil fhios agat, ach b'fhéidir...

Tommy Cad é?

Benji Nah, ní oibreodh sé.

Deiric Abair leat.

Benji Bhuel, tá fhios agat an dóigh a bhfuil sé ag foghlaim Gaeilge.

Tommy Aidhe.

Benji Bhuel, thiocfadh linn rud beag cuidithe a thabhairt dó.

Peadar Cad é atá i gceist agat?

Benji Tá sé doiligh a bheith i do strainséir i dtír choimhthíoch. Ba chóir dúinn cuidiú leis socrú isteach. Cuidiú a thabhairt dó leis an teanga agus mar sin de.

Tommy Níl mé cinnte an dtuigim?

Benji Ná bí buartha fág achan rud fúmsa.

Máire Mar a bhí mé ag rá, bhí fearg ar na gasraí. Bhí siad iontach míshásta le Pierre agus thosaigh siad ag pleanáil rud inteacht.

Clíodhna Hé, Cad é do bharúil faoi Tommy?
Máire Tommy? Ugh! B'fhéidir dá mbeadh sé iontach IONTACH dorchá.
Clíodhna Hee hee hee.
Máire Ná habair...
Clíodhna Nah, níl. B'fhearr liomsa Benji.
Máire Tá Benji *cute* ceart go leor.
Clíodhna Ar scor ar bith, lean ort. Inis an scéal.
Máire Bhuel, chuir na leaids pleán le chéile...

Cruinníonn na buachaillí thart ar Pierre atá fós ina shuí ar an bhinse.

Tommy BONE-JURE!
Pierre *Mais oui, mon ami, c'est une très belle journée!*
Tommy Whoa! Whoa! Tóg go bog é a chara. MISE NON PARLEZ AN FHRAINCS TRÉS BIEN.
Pierre *D'accord! Je m'excuse.* Níl mo chuid Gaeilge – *comment on dit* – iontach maith.
Benji Shílfeá go raibh go leor agat nuair a bhí tú ag labhairt le Sally agus Chloe níos luaithe.
Pierre *Mais non, mon ami.* Cúpla focal a d'fhoghlaim mé. Nuair a labhraíonn daoine... *trop vite* ... eh ... ró-ghasta ... *je ne comprends rien!*
Peadar Thiocfadh leat Béarla a labhairt leo.
Pierre *Comment?*
Peadar *Ang-layse.* Tá *ang-lays* acu.
Pierre *Bien sûr,* ach níl *ze* Gaeilge agamsa! Ba chuma liom... ach ba bhreá liom... eh... Rita... teacht *avec moi*... chuig an eh... damhsa.
Benji Rita Ní Cheallaigh! Tusa agus Rita.

Amharcann sé go neirbhíseach ar Tommy atá taobh thiar de ag bualadh dorn le bos.

Pierre *Mais oui.* Tá sí galánta nach bhfuil?

Benji Tá, tá cinnte.

Pierre *Mais, níl ze Gaeilge agam le sin a insint di.*

Benji Bhuel, thiocthadh linne cuidiú leat.

Tommy Bhéarfaidh muidne gach sórt cuidithe duit.

Pierre *Trés bien. Vous êtes très gentils.*

Benji Bhuel, an chéad rud a déarfadh tú léi nuair a fheiceann tú í ná: ‘TÁ TÚ COSÚIL LE TÓIN ASAIL’.

Pierre TÁ TÚ COSÚIL LE TÓIN AZAL.

Benji ASAIL... TÓIN ASAIL.

Pierre TÓIN ASAIL!

Benji Iontach maith!

Pierre *Et, cén – chiall – atá – leis.... Tóin Azal?*

Benji Eh... is bláth galánta é, an bláth is deise in Éirinn. Ní bhláthaíonn sé ach ar feadh seachtaine san Earrach.

Pierre *Trés bien! Formidable! Tóin Azal!*

Deiric Tá ceann maith eile ann. Nuair atá tú chun í a phógadh, abair: TÁ BOLADH BRÉAN Ó DO BHÉAL.

Pierre TÁ BOLADH BRÉAN Ó DO BHÉAL.

Deiric An-mhaith.

Pierre Béal? *Bouche, n’est - ce pas?*

Deiric Bouche??? (taispeánann Pierre a bhéal dó) Ó, sea! Bouche... béal! Ciallaíonn sé go bhfuil béal cosúil le haingeal agat.

Pierre *Formidable! Tá an Ghaeilge teanga an-deas! Oui?*

Deiric Eh, *oui!*

Benji Agus nuair a bheidh tú ag fágáil slán aici. Bí cinnte le seo a rá: IS MUC CHÁIDHEACH SHALACH THÚ. B’FHEARR LIOM SIÚL AMACH LE MADRA!

Pierre *Oh là là. IS MUC...*

Benji Cáidheach salach...

Pierre IS MUC CÁIDHEACH SALACH THÚ.

Benji B’fhearr liom...

Pierre B'FHEARR LIOM SIÚL AMACH LE MADRA. IS MUC CÁIDHEACH SALACH THÚ. B'FHEARR LIOM SIÚL AMACH LE MADRA.

Benji Tá sin iontach maith, Pierre. *Trays bien.* Ní bheidh fadhb ar bith agat.

Pierre *Mes amis. Merci. Merci beaucoup!* (pógann sé Benji ar an dá phluc.)

Benji Hé, tóg go bog é...

Pierre *Je m'excuse! Je dois y aller...* Caithfidh mé imeacht chuici. *Merci. Merci beaucoup!*

Briseann na buachaillí uilig amach ag gáire! Téann duine acu suas chuig Benji ag ligint air go bhfuil sé a dhul é a phógadh. Buaileann Benji é.

Benji Cad é do bharúil Tommy? Seans go bhfaighidh tú Rita go fóill.

Tommy Caithfidh muid seo a fheiceáil!

Clíodhna Ní dhearna siad!

Máire Tá mé ag insint duit. Sin go díreach an rud a rinne siad.

Clíodhna Agus nach raibh a fhios ag Pierre?

Máire Cén dóigh a mbeadh a fhios aige?

Clíodhna Cad é a tharla ansin?

Máire Bhí na girseachaí uilig le chéile nuair a tháinig sé...

Chloe Cad é tá tú a dhul a chaitheamh ag an phrom?

Sally Bhí mise thíos in *A-wear* inné. Tá culaith ghalánta ann. Níl sé ach €80.

Bríd Cén dath?

Chloe Gorm!

Sally Iontach deas. Rita, bhfuair tusa a dhath?

Rita Fuair. Bhí muid i nDoire an tseachtain seo chuaigh thart agus fuair mé culaith dhá phíosá Vera Wang.

Bríd Níl le déanamh anois ach fear a fháil.

Rita An gcreidfeá seo. Chuir Tommy Ó Gallchóir ceist orm an tseachtain seo chuaigh thart. Ugh!

Sally Níl Tommy ró-olc.

Rita B'fhéidir go mbeadh sé ceart go leor duitse, a Sally, ach ní rachainn fá scread asail de. (níl cuma ró-shásta ar Sally)

Brid Is dócha go bhfuil *date* agat mar sin!

Rita Is gairid go mbeidh. Tá Pierre le ceist a chur orm.

Cailíní Pierre?!

Rita Benji Ó Colla a dúirt liom é. Bhí faitíos air, ach tá sé le ceist a chur orm.

Sally Ach cén fáth a rachadh sé leatsa?

Rita Sally, an rud nach dtuigeann tusa ná go bhfuil mise ar leibhéal níos airde ná tusa.

Brid Á, *cop on* Rita.

Rita Níl ann ach an fhírinne. Ná bíodh éad oraibh, a chailíní. Cloisim nach bhfuil cailín ar bith ag Tommy Ó Gallchóir go fóill. Dhéanfadh sé sin gnoithe duitse Sally.

Sally Bhfuil fhios agat, Rita. Is bitseach cheart tusa!

Rita Éad atá ort Sally!

Deirdre Ní cóir duit sin a rá, a Rita.

Rita Ó sea, Deirdre. Deirdre bheag bhocht. Agus tá buachaill agatsa is dócha?

Deirdre Bhal, níl go fóill.

Rita Is ní bheidh go deo. Amharc an ghruaig atá ort. Cé a ghearr duit é, do sheanmháthair?

Mollie Éist Rita, sin go leor. Ní thig leat rudaí mar sin a rá faoi dhaoine.

Rita Ó sea, Mollie. B'fhéidir gur tusa a ghearr gruaig Dheirdre.

Mollie Cad é faoi, má ghearr?

Rita Bhí fhios agam é! Stíl ar bith! Cosúil leat féin! Ó amharc, seo chugainn é. Éist a chailíní féach air seo agus bígí ag foghlaim!

Siúlann Pierre isteach. Feiceann muid na buachaillí ag sleamhnú isteach ar chúl go ciúin ina dhiaidh. Tá bláthanna leis. Níl na cailíní pioc sásta.

Pierre *Bonjour* Rita. Cad é mar atá tú?

Rita *Bonjour Pierre! Tá mé go han-mhaith!*
Pierre *Pour toi! (tugann sé na bláthanna di)*
Rita Ó Pierre, tá siad galánta! (pógann Pierre í ar an lámh)

Deirdre Is fuath liom an Rita sin.
Mollie Ná tabhair aird ar bith uirthi.
Sally Gheobhaimid an ceann is fearr uirthi lá inteacht.

Pierre Rita. Tá tú cosúil le tóin asail!
Rita Heh?

Feiceann muid na buachaillí ag briseadh amach ag gáire. Tá na cailíní ag stánadh air.

Pierre Níl mo Ghaeilge go ró-mhaith. B'fhéidir nach bhfuil mé á rá i gceart. TÁ TÚ COSÚIL LE TÓIN ASAIL!

Rita Pierre, Pierre. Tá mé cinnte de go bhfuil tú ag fáil do chuid focal measctha suas. Eh heh! Bhí tú ag iarraidh ceist a chur orm faoin damhsa.

Pierre *Oui, voulez vous* dul chuig an damhsa *avec moi?*

Rita Eh... sea... ba bhreá liom dul.

Pierre *Superb! Je t'embrasse!* (tugann sé póg di)

Rita Wow, Pierre. Is *charmer* ceart thú!

Pierre *Oui*, agus TÁ BOLADH BRÉAN Ó DO BHÉAL!

Rita Cad é? Cad é dúirt tú?

Pierre TÁ BOLADH BRÉAN Ó DO BHÉAL! (cailíní agus buachaillí ag gáire)

Rita Pierre, ní rud deas é sin le rá le duine.

Sally Ach tá sé fíor! (gáire)

Pierre Rita, tuigim nach bhfuil mo Ghaeilge maith, ach IS MUC CÁIDHEACH SALACH THÚ...

Titeann béal Rita go hiomlán.

Pierre AGUS B'FHEARR LIOM SIÚL AMACH LE MADRA!

Tá gach duine ag titim thart ag gáire. Tosaíonn Rita ag caoineadh agus ansin ag bualadh Pierre ar an chloigeann leis na bláthanna a thug sé di!

Rita Maistín! Maistín cáidheach! Ní rachainn chuig stad an bhus leatsa a froggie míofar!

Pierre *Mon Dieu! Mon Dieu! Qu'est-ce que j'ai fait!*

Téann Tommy suas chuig duine de na girseachaí.

Tommy Hé, Sally, ar mhaith leat teacht liom chuig an *phrom*?

Sally Ba bhreá, cinnte!

Benji Chloe? Cad é faoi?

Chloe Sea, ba bhreá liom!

Alain Deirdre?

Deirdre Cinnte!

Téann na gasraí eile suas chuig na cailíní agus faigheann gach duine acu páirtí. Imíonn siad lena chéile. Níl fágtha ar an ardán ach Máire, Clíodhna, Rita agus Pierre.

Clíodhna Tá páirtneirí ag achan duine don damhsa?

Máire Is cosúil go bhfuil!

Clíodhna Cé atá ag dul leatsa?

Máire Chuir Máirtín ceist orm.

Clíodhna Ach cad é fúmsa? Níl duine ar bith agamsa go fóill.

Tagann Máirtín isteach.

Máirtín Hé, 'Mháire, bhfuil tú ag teacht? Beidh muid mall.

Máire *Sorry* 'Chlíodhna caithfidh mé imeacht. Amharc thall ansin, tá fear ann,

b'fhéidir gur mhaith leis páirtneir a fháil.

Clíodhna Bhfuil fhios agat, is breá an stumpa é!

Máire Ádh mór!

Imíonn Máire le Máirtín agus siúlann Máire chuig Pierre.

Clíodhna *Bonjour* Pierre. Is mise Clíodhna!

Pierre *Bonjour* Clíodhna! Eh... eh... tá tú cosúil le tóin azal!

Clíodhna Ha ha! Scairteadh níos measa orm! Éist ar mhaith leat dul chuig an *phrom*.

Pierre Ba mhaith! *Merci!* Tá boladh bréan...

Clíodhna (ag cur méir lena bhéal) Sin go leor. Ná habair a dhath eile.

Pierre Whew! Is teanga deacair í an Ghaeilge!

Clíodhna Is deacair cinnte! Goitse. Racaidh muid fá choinne siúlóide!

Pierre Oh Là Là

Imíonn siad amach agus fágann siad Rita i lár an ardáin ar buile.

Rita Urgh!
